Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10002/23**

**ENT 114**
**MI 467**
**CHIMIE 49**
**COMPET 554**
**IND 271**
**CONSOM 197**
**SAN 335**
**ENV 603**
**DELACT 71**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 8712/23 + ADD 1 - C(2023) 2672 |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN (AE) …/... an 25.4.2023 lena leasaítear, chun é a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán a mhéid a bhaineann le nótaí a chur le Cuid 1, roinn 1.1.3 d'Iarscríbhinn VI<br>- Rún gan agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe |

1. An 25 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún an dréachtghníomh tarmligthe thuasluaite faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 53 (1) de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 (Rialachán CLP)[1].

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 353 31.12.2008, lch. 1). Is é leagan an 20 Aibreán 2023 an leagan comhdhlúite reatha.

2. I gcás na gcodanna neamhchoitianta de shubstaint, is gá a mheas an bhféadfadh a n-airíonna guaiseacha a bheith ina n-údar le haicmiú níos déine nó níos leithne don aicme ghuaise chéanna. Ba cheart, dá bhrí sin, nóta nua X a chur le Cuid 1, roinn 1.1.3.1, d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) 1272/2008. Ós rud é gur dócha go sannfar an nóta sin do shubstaintí eile a bhfuil na hairíonna céanna acu amach anseo, ba cheart é a chur i bhfocal ar bhealach nach mbeadh teoranta don iontráil shonrach sin. Ba cheart dhá nóta nua, 11 agus 12, a chur le Cuid 1, i roinn 1.1.3.2 d'Iarscríbhinn VI ionas go mbeifear in ann guais meascán ina bhfuil roinnt substaintí a bhaineann leis an 'iontráil ghrúpa' chéanna a shainaithint ar bhealach níos cruinne de bharr a dtocsaineachta atáirgthe.

3. Bhí go dtí an 30 Bealtaine 2023 ag an gComhairle chun agóid a dhéanamh ina choinne nó chun síneadh a iarraidh. Níor thug aon toscaireacht aon bharúil tugtha ag laistigh den sprioc-am a leagadh síos.

4. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle a dhearbhú nach bhfuiltear ag cur i gcoinne an ghnímh tharmligthe, mar a leagtar amach in 8712/23 + ADD 1 é, mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus go mbeadh an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa le cur ar an eolas faoi sin. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar agus go nglacfar an gníomh tarmligthe tar éis an 26 Meitheamh 2023 i gcomhréir le hAirteagal 53a de Rialachán 1272/2008.

---